SCÉIM NA BHFOGHLAIMEOIRÍ GAEILGE
- DEONTAS TOSAITHE AON UAIRE €6,000 -
CEISTEANNA COITIANTA

Brúigh ar an gceann ábhartha thíos chun dul díreach chuige

ÁBHAR

1. Cad é cuspóir an deontais seo agus cad is fiú é? 2
2. Cad iad na nithe atá inghlactha faoin deontas? 2
3. Cén maoiniú atá ar fáil faoin gciste seo? 2
4. Cé atá cáilithe chun iarratas a dhéanamh agus cad iad na coinníollacha a bhaineann leis? 2
5. Cé atá cáilithe chun measúnú sábháilteacht dóiteáin a dhéanamh ar an teach? 3
6. Cén chaoi a ndéantar iarratas agus cén uair? 4
7. Cad iad na cáipéisí a bheidh le seoladh isteach leis an bhfoirm iarratais? 4
8. Cén fáth nach mbeidh admhálacha roimh an dáta thuasluaite inghlactha? **Earráid! Níl an leabharmharc sainithe.**
9. Céard a tharlaíonn nuair a dhéantar iarratas? 4
10. Cén fáth nach n-íoctar mar chnapshuim amháin é in aon bhuille amháin ag an tús?
11. I gcás go n-éirím as a bheith ag coinneáil foghlaimeoirí roimh an dara tráthchuid den deontas a fháil, cad a tharlóidh? 5
12. Cad faoin Acht um Shaoráil Fáisnéise agus m'iarratas? 5
13. Céard a tharlóidh má thugtar eolas bréagach don Roinn nó má theipeann ar iarratasóir coinníollacha an deontais a chomhlíonadh? 5
14. Céard a tharlaíonn i gcás nach bhfuiltear sásta le cinneadh na Roinne? 5

1. CAD É CUSPÓIR AN DEONTAIS SEO AGUS CAD IS FIÚ É?

Ar mhaithe le cabhrú tuilleadh le teaghlaigh nua a mhealladh chun lóistín a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí Gaeilge ar leas chóras na gcoláistí Gaeilge cuirfear cúnamh aon uaire do theaghlaigh faoi leith a chomhlíonann na coinníollacha atá leagtar amach thíos.

- Faoin mbeartas faoi leith seo ar leas na gcoláistí is féidir deontas nach mó ná €6,000 nó 80% den chostas cibé acu is lú do theaghlaigh cháilithe Ghaeltachta a chláraíonn den chéad uair faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge *agus* do thithe nár choinnigh foghlaimeoirí a athchlaraíonn, ar feadh tréimhse nach giorra ná cúig bliana ach atá ag iarraidh iad a choinneáil arís.

2. CAD IAD NA NITHE ATÁ INGHLACTHA FAOIN DEONTAS?

Ní ghlacfar ach le ábhair atá go h-iomlán nua agus ba cheart admhálacha cuí a chur ar fáil. Beidh na **nithe thíos inghlactha chun críche an deontais**:

- Costais measúnú sábháilteacht dóiteáin a dhéanamh ar an teach;
- Earraí maolaithe baol dóiteáin (nua) i.e.,
  - aláram dóiteáin;
  - soilse éigeandála seachtrach agus inmheánach;
  - fuinneoga/doirse seachtracha;
  - staighrí éalaithe seachtracha;
  - Éalú dóiteáin seachtrach
  - Múchtóir Dóiteáin
- Frámaí agus tochtanna leapacha buinc nua;
- Frámaí agus tochtanna leapacha singil nua;

N.B – ní hionann deontas a cheadú agus an Roinn a bheith ag glacadh freagrachta as na dualgais a thiteann ar an iarratasóir maidir le alt 18(2) den Acht um Sheirbhísí DóiteáinIna thaobh sin tá sé de dhualgas ag an iarratasóir a chinntiú go bhfuil an trealamh/obair uilig atá mar ábhar iarratais ag teacht leis na rialacháin/treoracha ábhartha sna treoirlínte *Sábháilteacht Dóiteáin i dTithe Gaeltachta a chuireann Lóistín ar fáil d'Fhoghlaimeoirí Gaeilge'*.

3. CÉN MAOINIÚ ATÁ AR FÁIL FAOIN GCISTE SEO?

Is uasdheontas de €6,000 (nó 80% den chaiteachas, cibé acu is lú), atá ar fáil ar bhonn aon uaire i leith teaghlaigh nuachláraithe nó athcláraithe faoin socrú thuasluaite ag 1.

4. CÉ ATÁ CÁILITHE CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AGUS CAD IAD NA COINNÍOLLACHA A BHAINEANN LEIS?

Tá an deontas ar fáil do theaghlaigh cháilithe a chláraíonn den chéad uair faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge *agus* do theaghlaigh a bheartaíonn tosú ar ais á gcoinneáil scoláirí tar éis a bheith éirithe as ar feadh tréimhse nach giorra ná cúig bliana as a chéile. Seo a leanas na coinníollacha a bhaineann leis an scéim:

1. Nach raibh aitheantas ag an teaghlach chun foghlaimeoirí a choinneáil faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge riamh roimhe seo (i gcás teaghlaigh nua) nó nach raibh ag

coinneáil foghlaimeoirí ar feadh tréimhse nach giorra ná cúig bliana i gcás teaghlaigh atá ag clárú den dara uair

2. Go bhfuil an teaghlach cláraithe go hoifigiúil faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge roimh iarratas a dhéanamh ar dheontas aon uaire.
3. Go nglacann an teaghlach leis go gcoinneofar foghlaimeoirí ar iostas ar feadh ar a laghad trí bliana as a chéile - le feidhm ón dáta a bhronntar aitheantas ar an teaghlach;
4. Go mbeidh deontas suas le €6,000 (nó 80% de chostas na hoibre / caiteachas cibé acu is lú) le h-íoc in dhá thráthchuid:
   - Do theaghlaigh atá cláraithe agus glanta ó thaobh cánach , Grinnfhiosrúcháin ó na Gardaí glanta, atá aitheanta ag an Roinn, agus nach raibh cláraithe sa chóras go dtí seo, gheobhaidh siad dhá thrian (2/3) den suim ceadaithe mar íocaíocht sa chéad bhliain tar éis dóibh scoláirí a bheith ar lóistín leo.
   - Gheofar an fuílleach/an trian (1/3) den suim ceadaithe nuair a bheidh an tréimhse trí bliana críochnaithe acu ag cur lóistín ar fáil sa chóras.
5. go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha san fhoirm agus aon chomhfhreagras eile fíor agus cruinn
6. go n-aithnítear nach mbeidh an Roinn freagrach don iarratasóir ná d'aon pháirtí eile as aon chaillteanas, costas ná damáiste d'aon chineál a bhaineann le hiarratas a dhéanamh
7. nach bhfuil aon eolas mothálach san iarratas ná in aon cháipéis thaca, agus tuigtear gur féidir leis an Roinn scaoileadh le cuid, nó le hiomlán an eolais mar a bhaineann sé leis an Acht um Shaoráil Faisnéise
8. go dtuigtear go bhféadfaí pé deontas/cuid de a tharraingt siar nó a lorg ar ais mura gcloítear leis na coinníollacha a bheadh curtha le pé deontas a bheadh ceadaithe – coinníoll 3 thuas ach go háirithe.
9. go bhfuil an t-eolas sa leathán eolais a bhaineann leis an gciste léite, go dtuigtear é agus go bhfuiltear sásta cloí leis na coinníollacha atá luaite ann móide pé coinníoll a chuireann an Roinn leis an deontas más ann dó i ndeireadh báire - de réir mar is gá (lena n-áirítear ach go háirithe na dualgais reachtúla maidir leis an An Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981, an tAcht um Thús Áite do Leanaí , An tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) agus An tAcht Um Chomhionannas Fostaíochta - de réir mar a bhaineann.

5. CÉ ATÁ CÁILITHE CHUN MEASÚNÚ SABHÁILTEACHT DÓITEÁIN A DHÉANAMH AR AN TEACH?

Ní foláir go mbeadh na cáilíochtaí seo a leanas ag an duine inniúil a dhéanfaidh measúnú dóiteáin agus sábháilteachta ar an dteach:

- Innealtóir Cairte ar an gclár arna chothabháil ag Innealtóirí Éireann faoi alt 7 den Acht um Institiúid Innealtóirí Sibhialta na hÉireann (Cairt a Leasú), 1969 nó

- Ailtire ar an gclár arna chothabháil ag RIAI faoi Chuid 3 den Acht um Rialú Foirgníochta 2007 nó

- Suirbhéir Foirgníochta ar an gclár arna chothabháil ag Cumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann faoi Chuid 5 den Acht um Rialú Foirgníochta 2007.

6. CÉN CHAOI A NDÉANTAR IARRATAS AGUS CÉN UAIR?

Is féidir iarratas a dhéanamh ag úsáid foirm iarratais na Roinne a bhfuil fáil air ag suíomh gréasán na Roinne **ANSEO** nó ar iarratas chuig **teaghlaighsfg@drcdg.gov.ie** tar éis do theaghlach a bheith cláraithe agus aitheantas ceadaithe faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge.

Caithfear iarratas a dhéanamh taobh istigh den chéad trí bliana ón dáta ar a bhronntar aitheantas ar an Teaghlach. Ní ghlacfar le haon iarratas faighte i ndiaidh an tréimhse seo.

7. CAD IAD NA CÁIPÉISÍ A BHEIDH LE SEOLADH ISTEACH LEIS AN BHFOIRM IARRATAIS?

Ní foláir an fhoirm iarratais agus í comhlánaithe go cuí a sheoladh go leictreonach chuig an Roinn ag an seoladh in íochtar na foirme – in éindí leis na cáipéisí a leanas – i bhfoirm PDF nó jpg cibé acu is fusa:-

- **Cóip den litir Aitheantas** a fuair tú ón Roinn (nuair a cláraíodh do theaghlach le déanaí faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge);

- **Admhálacha cuí** (atá sonraithe ar an bhFoirm Iarratais) a sholáthar ina n-ainm agus dátaithe. Ní ghlacfar ach amháin le hadmhálacha le dáta laistigh den chéad bhliain gur bronnadh **aitheantas ar an teaghlach** i leith na rudaí amháin atá inghlactha chun críche deontais mar a leagtar amach faoi cheist 2. Déanfaidh an Roinn athbhreithniú ar na dátaí seo ar bhonn bhliantúil;

- **Tuairisc/dearbhú sínithe ón innealtóir** (nó duine leis na cáilíochtaí cuí mar a leagtar amach iad faoi mhír 5 thuas) a rinne measúnú sábháilteacht dóiteáin ar an teach ag sonrú na n-oibreacha chun críche an deontais.
    - Ní glacfar le Teastas Innealtóra dó seo; is tuairisc ag cur in iúl go bhfuil na hoibreacha sonracha le déanamh, seachas teastas a dheimhníonn gur cuireadh na hoibreacha i gcrích, atá i gceist.

8. CÉARD A THARLAÍONN NUAIR A DHÉANTAR IARRATAS?

Scrúdófar an t-iarratas, ag cur san áireamh mar is cuí, an t-eolas atá curtha ar fáil, lena chinntiú go bhfuil an t-eolas uile atá iarrtha san fhoirm iarratais curtha ar fáil agus go bhfuil na coinníollacha lena mbaineann comhlíonta. I gcás nach bhfuil nó má tá eolas nó cáipéisí ar iarradh déanfar teagmháil leis an iarratasóir chun pé soiléiriú is gá a lorg. Chun a chinntiú nach gcuirtear moill nach gá le próiseáil iarratais ba chóir a chinntiú dá réir go bhfuil gach rud in ord agus in eagar sula seoltar iarratas chuig an Roinn.

Tar éis don Roinn an t-iarratas a mheas, cuirfear an toradh in iúl don iarratasóir chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin. I gcás go gceadaítear deontas, seolfar litir cheadúcháin ar ríomhphost leis na coinníollacha cuí. Is ionann iarratas a dhéanamh agus dearbhú go nglacann tú leis na coinníollacha ar fad atá leagtha amach anseo agus go bhfuil siad uile comhlíonta agat.

9. CÉN FÁTH NACH N-ÍOCTAR MAR CHNAPSHUIM AMHÁIN É IN AON BHUILLE AMHÁIN AG AN TÚS?

Ar mhaithe lena chinntiú go mbaintear an leas cuí as an mbeartas ar son chóras na gcoláistí Gaeilge. Íocfar an deontas mar atá leagtha amach faoi mhír 4 thuas.

10. I GCÁS GO N-ÉIRÍM AS A BHEITH AG COINNEÁIL FOGHLAIMEOIRÍ ROIMH AN DARA TRÁTHCHUID DEN DEONTAS A FHÁIL, CAD A THARLÓIDH?

I gcás go n-éiríonn teaghlach as an scéim agus gan an trí bliana caite acu nó nach gcomhlíontar coinníollacha thuasluaite an deontais chun sástacht na Roinne, coinníonn an Roinn an ceart chuici féin cuid den deontas a choinneáil siar nó aisíoc an deontais/cuid de a lorg. Ní bheidh an Roinn freagrach as aon chaillteanas ina leith má dhéantar amhlaidh.

11. CAD FAOIN ACHT UM SHAORÁIL FÁISNÉISE AGUS M'IARRATAS??

Agus an fhoirm á líonadh, ní mór d'iarratasóirí a bheith ar an airdeall maidir le dualgais na Roinne agus na n-iarratasóirí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. De réir an Achta sin, is féidir leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta scaoileadh le heolas (ar iarratas) atá tugtha in iarratas agus/nó i gcáipéisí taca. Má tá aon eolas mothálach i d'iarratas, ní foláir é sin a léiriú agus míniú a thabhairt cén fáth nár chóir scaoileadh leis i gcás go n-iarrtar an t-eolas sin faoin Acht. I gcás go n-iarrtar ar an Roinn scaoileadh faoin Acht le haon eolas a cheaptar a bheith mothálach, rachaimid i gcomhairle leat sula ndéantar cinneadh faoin iarratas sin. Ní bheidh an Roinn freagrach don iarratasóir ná do dhuine ar bith eile as caillteanas, damáiste nó costas de chineál ar bith a d'fhéadfadh eascairt go díreach nó go hindíreach as seo.

12. CÉARD A THARLÓIDH MÁ THUGTAR EOLAS BRÉAGACH DON ROINN NÓ MÁ THEIPEANN AR IARRATASÓIR COINNÍOLLACHA AN DEONTAIS A CHOMHLÍONADH?

Mar atá luaite thuas coinníonn an Roinn an ceart aon iarratas a dhiúltú, nó deontas/cuid de dheontas a chur ar ceal/a lorg ar ais - de réir mar a oireann - i gcás go dtugtar eolas bréagach don Roinn nó i gcás go dteipeann ar an iarratasóir coinníollacha an deontais a chomhlíonadh chun sástacht na Roinne. Ní bheidh an Roinn freagrach don iarratasóir ná d'aon pháirtí eile as aon chaillteanas nó damáiste, ná as costas d'aon chineál a bhaineann le hiarratas a dhéanamh.

13. CÉARD A THARLAÍONN I GCÁS NACH BHFUILTEAR SÁSTA LE CINNEADH NA ROINNE?

I gcás nach bhfuiltear sásta le cinneadh na Roinne maidir le d'iarratas is féidir achomharc a lorg ach scríobh chuig: An tArd-Rúnaí, An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, Trinity Point, 10-11 Sráid Laighean Theas, Baile Átha Cliath 2, D02 EF85

Tuilleadh eolais agus fiosruithe:
Rannóg na gColáistí Gaeilge
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Na Forbacha, Gaillimh H91KX39

Rphost: teaghlaighsfq@drcdg.gov.ie
www.gov.ie